Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2022
(OR. en)

14868/22

LIMITE

TELECOM 468
DIGIT 211
CYBER 372
COMPET 911
EDUC 389

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14774/22 |
| Ábhar: | Scileanna digiteacha le haghaidh na Deacáide Digití<br>- Díospóireacht bheartais |

Is léir sa lá atá inniu ann nach mbíonn an uile Eorpaigh lánmhuiníneach agus iad i mbun gléasanna digiteacha agus gníomhaíochtaí ar líne. Léiríonn an t-eagrán is déanaí den Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach[1] nach bhfuil **bunscileanna digiteacha ach ag 54 % de dhaoine fásta na hEorpa**. Tá **neamhréireachtaí suntasacha** ann freisin idir na Ballstáit éagsúla agus idir codanna éagsúla den phobal. Dá bhrí sin, chun a áirithiú gur féidir leis an tsochaí ar fad bualadh amach ar chonair an chlaochlaithe dhigitigh, tá sé ríthábhachtach a chinntiú **nach bhfuil aon duine á fhágáil gan na scileanna digiteacha cearta againn**.

[1] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi

I **gconclúidí mhí Dheireadh Fómhair 2021** uaithi, cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis gur gá díriú ar scileanna digiteacha agus oideachas digiteach. Sa **chlár beartas 'an Conair i dtreo na Deacáide Digití'**, a glacadh le déanaí, bunaítear spriocanna uaillmhianacha, lena n-áirítear an cuspóir go mbeidh, **faoi 2030, bunscileanna digiteacha** ag 80 % de dhaoine fásta[2] agus 20 milliún saineolaithe TCF ar fostú san Aontas, fostú lena ngabhfaidh **treocht comhionannais inscne**. Is é is aidhm don idirphlé leis na Ballstáit **'an tIdirphlé Struchtúrtha** maidir leis an Oideachas Digiteach agus Scileanna Digiteacha', a seoladh in 2022, na hiarrachtaí leanúnacha atáthar a dhéanamh sna Ballstáit a mhapáil, bearnaí a shainaithint — más ann dóibh — agus teacht le chéile ar leibhéal an Aontais. Cuirfear an obair sin san áireamh in dhá thogra le haghaidh **Moladh ón gComhairle** (ceann acu maidir leis na tosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach rathúil agus an ceann eile maidir le scileanna digiteacha a sholáthar san oideachas agus san oiliúint) agus sna treochláir straitéiseacha maidir leis an Deacáid Dhigiteach a d'ullmhaigh na Ballstáit chun rannchuidiú le spriocanna digiteacha 2030, lena n-áirítear treochláir maidir le scileanna digiteacha. An 14 Meán Fómhair 2022, mhol an tUachtarán Ursula von der Leyen ina haitheasc ar **Staid an Aontais** go ndéanfaí **Bliain Eorpach na Scileanna** den bhliain 2023. Tá an Coimisiún ag obair freisin ar Acadamh Scileanna Cibearshlándála faoi Chlár Oibre 2023 agus tá na scileanna is gá le haghaidh éiceachóras na leathsheoltóirí á neartú aige.

Ní féidir le **claochlú digiteach cuimsitheach** tarlú gan tacaíocht cheart a thabhairt do dhaoine óga agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le tacú le leanaí a scileanna digiteacha a fhorbairt. Go deimhin, tá leibhéal scileanna digiteacha na ndaoine óga níos airde i gcomparáid leis an bpobal ar an iomlán. Nuair a chuirtear scrúdú orthu go díreach, áfach, níl an leibhéal inniúlachta is bunúsaí scileanna digiteacha ag níos mó ná 1/3 de dhaltaí scoile. Ina theannta sin, bíonn tionchar suntasach ag an gcúlra socheacnamaíoch, ag an stádas imirceach, agus ag an teanga a labhraítear sa bhaile ar ghnóthachtáil scileanna digiteacha an scoláire[3]. Ar na cúiseanna sin go léir, sa Rún ón gComhairle maidir le Creat Straitéiseach le haghaidh Comhar Eorpach san Oideachas agus san Oiliúint, leagadh amach **sprioc maidir le leibhéal scileanna digiteacha na n-óg** agus iarrtar go ndéanfaí gníomhaíocht chun sciar na ndaltaí san Aontas ar an ochtú grád ar daltaí tearcghnóthachtála sa litearthacht ríomhaireachta agus faisnéise iad a laghdú go dtí níos lú ná 15 % faoi 2030.

PUBLIC

[2] Tá an sprioc sin san áireamh freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

[3] https://www.iea.nl/news-events/news/icils-2018-results & https://op.europa.eu/webpub/eac/education-and-training-monitor-2021/en/chapters/leaflet.html

Ní mór dúinn mórathruithe a dhéanamh chun spriocanna na Deacáide Digití maidir le **saineolaithe TFC**[4] a bhaint amach agus chun na riachtanais a chomhlíonadh in éiceachórais thionsclaíocha a bhíonn ag brath go mór ar theicneolaíochtaí ceannródaíocha mar atá teicneolaíochtaí gluaisteán, aeraspáis agus leictreonaice, agus i dteicneolaíochtaí criticiúla le haghaidh gach earnála mar shampla na hearnálacha sonraí, cibearshlándála agus leathsheoltóirí. Tá 200,000 saineolaí cibearshlándála ag teastáil san Eoraip faoi láthair, agus ní mór don Aontas cur le líon na speisialtóirí sin chun gnólachtaí agus seirbhísí poiblí san Eoraip a chosaint agus chun réitigh chibearshlándála na todhchaí a dhearadh[5]. Chomh maith leis an nganntanas struchtúrach sin i dtaca le baill foirne oilte, tá bearna leanúnach fós ann idir na hinscní: **ní mná iad ach duine as gach cúigear speisialtóirí TFC agus céimithe TFC**, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéantar réitigh dhigiteacha a cheapadh agus a imscaradh. Dá bhrí sin, is **den ríthábhacht tuilleadh cailíní agus ban a spreagadh chun tabhairt faoi ghairmeacha teicneolaíochta**, deiseanna **uas-scilithe agus athscilithe** a chur ar fáil don phobal oibre agus **cóineasú inscne** a bhaint amach i lucht TFC. I gcás **ardspeisialtóirí TF** go háirithe, tá difríochtaí laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit maidir le cáilíocht agus ábhar na hoiliúna nó maidir le scileanna atá ann cheana a **aithint**, rud a imríonn tionchar ar dheimhniú agus **aithint fhrithpháirteach** scileanna den sórt sin laistigh de na Ballstáit agus eatarthu.

Tá géarghá freisin **le hardscileanna digiteacha a thabhairt do speisialtóirí earnála**, mar shampla *dochtúirí leighis* ar minice anois a bhíonn siad ag brath ar ardteicneolaíochtaí digiteacha (e.g. IS) chun diagnóisí níos cruinne a sholáthar nó sonraí a n-othar a phróiseáil i dtaifid leictreonacha sláinte, nó *feirmeoirí* a úsáideann ardanailís sonraí chun a bpróisis táirgthe a bharrfheabhsú. Go deimhin, is léir ón taighde a rinneadh le déanaí go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar **scileanna digiteacha i dtionscail nach tionscail teicneolaíochta iad**[6] agus gur mó an t-éileamh atá ar speisialtóirí earnála a bhfuil ardscileanna digiteacha acu (i.e. comhtháthairí digiteacha mar a thugtar orthu) ná an t-éileamh atá ar speisialtóirí digiteacha i gcás ina bhfuil cúrsaí digiteacha i gcroílár an phoist[7].

[4] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=ICT_specialists_-_statistics_on_hard-to-fill_vacancies_in_enterprises

[5] *A Resilient Cybersecurity Profession Charts the Path Forward* : (ISC)2 CYBERSECURITY WORKFORCE STUDY, 2021 (https://www.isc2.org//-/media/ISC2/Research/2021/ISC2-Cybersecurity-Workforce-Study-2021.ashx), lch. 25.

[6] https://www.burning-glass.com/wp content/uploads/2021/02/after_the_storm_recovery_jobs_executive_summary.pdf; https://www.bertelsmann-stiftung.de/fileadmin/files/user_upload/STUDIE_Burning_Glass_EN_FINAL.pdf;

[7] https://download.digitaldogme.dk/hubfs/Det%20digitale%20Kompetencebarometer%202020.pdf

Thairis sin, tá ról lárnach ag **teicneolaíochtaí digiteacha nua atá ag teacht chun cinn** (e.g. réaltacht fhíorúil/bhreisithe/leathnaithe nó intleacht shaorga agus sonraí) maidir le scileanna a fhorbairt agus oiliúint a chur ar ghairmithe. I ndáil leis sin, tá an leibhéal scileanna digiteacha atá ag múinteoirí agus oiliúnóirí chun na teicneolaíochtaí sin a chur i bhfeidhm go cuí i gcomhthéacsanna foghlama agus oiliúna ar cheann de na príomhfhachtóirí rathúlachta ag a mbíonn tionchar dearfach ar thorthaí foghlama agus oiliúna.

Is féidir roinnt mhaith ionstraimí a chomhthiomsú chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna na Deacáide Digití. Mar chuid den **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**, mar shampla, tá níos mó ná EUR 28 mbilliún d'infheistíochtaí curtha ar fáil ag na Ballstáit le haghaidh an oideachais dhigitigh agus scileanna digiteacha, lena soláthraítear, i measc nithe eile, athchóirithe curaclaim, deiseanna uas-scilithe agus athscilithe do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí, d'oideoirí agus don lucht saothair. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag roinnt ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais, lena n-áirítear **Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach agus Erasmus+**, neart a chur le hacmhainneachtaí digiteacha agus leis na scileanna is gá chun iad a imscaradh trí chláir nuálacha oideachais agus oiliúna agus cláir speisialaithe oiliúna agus oideachais teicneolaíochta digití a thástáil, a mheas agus a uas-scálú.

Cuireann roinnt príomhthionscnamh a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún leis an iarracht Eorpach, mar shampla, comhpháirtíocht an Chomhshocraithe Nua um Scileanna san éiceachóras digiteach, darb aidhm uas-sciliú agus athsciliú oibrithe a chumasú agus tuilleadh daoine a mhealladh isteach sa tionscal digiteach. Feidhmíonn an **tArdán Scileanna Digiteacha agus Post** mar mhol lárnach d'fhaisnéis faoi scileanna digiteacha san Eoraip. Is ansin freisin atá an **Chomhghuaillíocht Náisiúnta Scileanna Digiteacha agus Post**, ar comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra iad a dhéanann gníomhaíochtaí sa chomhthéacs náisiúnta. Is tionscnaimh chosúla iad **Seachtain Chóid an Aontais agus an Haiceatón Oideachais Dhigitigh** darb aidhm ról a thabhairt do gheallsealbhóirí agus, i measc nithe eile, an smaointeoireacht ríomhaireachtúil, an códú agus scileanna digiteacha gaolmhara a scaipeadh.

Ina theannta sin, sheol an Coimisiún sraith tionscnamh chun tacú leis an Úcráin in aimsir chogaidh, mar shampla an mol nua le haghaidh Scolaíocht na hÚcráine[8], lena dtacaítear leis an gComhphobal Futurium EUTech4Ukraine[9], agus shínigh sé comhaontú chun an Úcráin a cheangal leis an gClár don Eoraip Dhigiteach i mí Mheán Fómhair 2022[10]. Comhlánaíonn na tionscnaimh sin na hiarrachtaí tábhachtacha eile atá ar bun i réimse na scileanna digiteacha mar shampla an tionscadal náisiúnta píolótach 'IT Generation' a seoladh le déanaí darb aidhm oideachas TF atá ar ardchaighdeán agus saor in aisce a chur ar fáil do 60,000 Úcránach[11].

Tá tionscnaimh agus beartais rathúla á stiúradh ag na Ballstáit iad féin chun scileanna digiteacha a fhorbairt agus oideachas a chur ar shaoránaigh le go mbeidh rath orthu sa ré dhigiteach. Is mór is fiú agus is inmholta taithí, dea-chleachtais agus comhar a mhalartú idir na Ballstáit. Tá ról tábhachtach ag an earnáil phríobháideach agus ag ENRanna freisin maidir le daoine aonair agus gnólachtaí a uas-sciliú agus a athsciliú. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidís dá dtionscadail, mar aon le comhar idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach, ionas go rachaidh daoine i mbun fhoghlaim na scileanna digiteacha agus chun cuspóirí na Deacáide Digití a bhaint amach.

Ós rud é gur gá dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na scileanna riachtanacha ar fáil le haghaidh claochlú digiteach rianúil, iarrtar ar na hairí na ceisteanna seo a leanas a phlé:

1. I bhfianaise a ríthábhachtaí atá bunscileanna laistigh i lucht saothair, cad iad na gníomhaíochtaí uas-scilithe breise a d'fhéadfaí a bheartú? Cad iad na bearta uas-scilithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach go háirithe do FBManna?

2. Conas is féidir linn dul i gcomhar le chéile chun cur leis na dea-chleachtais/an dea-thaithí a sainaithníodh sna Ballstáit agus líon na **speisialtóirí TFC** agus faoi líon na **speisialtóirí earnála** a bhfuil ardscileanna digiteacha acu a mhéadú? Cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a bheartú chun cabhrú le príomhéiceachórais thionsclaíocha agus go háirithe le FBManna chun daoine le scileanna digiteacha a mhealladh?

---

[8] https://nushub.org/en/; Is tionscnamh é an mol NUS atá á chómhaoiniú ag Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Fionlainne agus ag an gCoimisiún Eorpach agus is é is cuspóir leis rochtain a éascú ar acmhainní oideachais (lena n-áirítear maidir le scileanna digiteacha) chun tacú le dídeanaithe ón Úcráin agus le foghlaimeoirí easáitithe atá fós san Úcráin.

[9] https://futurium.ec.europa.eu/en/digital-compass/eutech4ukraine; Is é is aidhm don chomhphobal sin, a seoladh ag Tionól Digiteach 2022, geallsealbhóirí a thabhairt le chéile, plé a spreagadh, agus faisnéis a roinnt faoi bhearta nua chun tacú le dídeanaithe, cuideachtaí agus rialtas na hÚcráine sa réimse digiteach.

[10] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/solidarity-ukraine-digital-europe-programme-open-ukraine-access-calls-funding

[11] https://www.undp.org/ukraine/press-releases/ministry-digital-transformation-launches-large-scale-project-teach-it-specialities; tá an tionscadal á chur chun feidhme agus tacaíocht á fáil ón gClár um Gheilleagar Iomaíoch de chuid Ghníomhaireacht Stáit Aontaithe Mheiriceá um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID) agus ón gClár '*Digital, Inclusive, Accessible: Support to Digitalisation of Public Services in Ukraine*' [Digiteach, Cuimsitheach, Inrochtana: Tacaíocht do Dhigiteáil na Seirbhísí Poiblí san Úcráin], ar clár é a fhaigheann tacaíocht ón tSualainn.